Smaoineamh - Cuardach Uisce Fíorúil

Níl ach Uisce Fíorúil (Uisce Folaithe/Uisce Rúnda) a theastaíonn chun táirge a tháirgeadh ó thús go deireadh nach bhfeiceann tú! Is tomhas é an lorg uisce ar an méid uisce a úsáidtear go díreach e.g. le hól, le ní, le cócaireacht a dhéanamh, etc., nó go hindíreach chun an méid a itheann tú, a chaitheann tú agus a úsáideann tú i do shaol laethúil a tháirgeadh.

Is féidir é a ríomh do dhuine aonair, do phróiseas, do shlabhra luacha iomláin táirge nó do ghnólacht, abhantrach nó náisiún!

Cén fáth a bhfuil sé seo úsáideach?

- Léiríonn Uisce Fíorúil an brú a chuirimid ar ár n-acmhainní fionnuisce.
- Cuidíonn an fhaisnéis seo le gníomhaíocht straitéiseach a thiomáint i dtreo úsáid uisce atá inbhuanaithe, éifeachtúil agus cothrom.

FÍORAS!
AN RAIBH A FHIOS AGAT GO N-ÚSÁIDTEAR 240 GALÚN/909 LÍTEAR CHUN FÓN PÓCA AMHÁIN A DHÉANAMH!

SIN A LÁN UISCE!

Cuardach Uisce Fíorúil

Tomhais inneachar uisce fíorúil na ngnáth-tháirgí i do theach.

CÉARD ATÁ AG TEASTÁIL UAIT?

Déan cuardach le haghaidh cuid de na táirgí thíos i do theach (ní gá duit iad uile a aimsiú): jíons, páipéar, siúcra, rís, bainne, práta, mairteoil, tae, beoir, úll, banana, caife, t-léine, pasta, pizza (margarita), muiceoil, seacláid, ubh, arán agus im.

(Nóta: smaoinigh ar mhéid an táirge atá á fhiosrú agat i gcileagraim - is 1kg é mála tipiciúil siúcra)

Faigh peann/peann luaidhe (scriosán - más mian leat an bhileog a úsáid arís) agus páipéar.



Product	Virtual Water Content (Litres)	Point
Total Points:		

AN RUD LE DÉANAMH...

- Tarraing tábla ina bhfuil 3 cholún (cuir na ceannteidil seo leis: "Táirge", "Uisce Fíorúil i Lítir/KG", "Pointe" faoi seach) agus sraitheanna do líon na dtáirgí a bhfuil tú ag féachaint orthu.
- Smaoinigh ar an méid uisce fíorúil/folaithe/rúnda atá i ngach táirge.
- Nuair atá tú réidh:
  i) cuir in ord iad, ag tosú leis na táirgí a mheasann tú a bhfuil an méid is mó uisce i gceist lena ndéanamh, síos go dtí na táirgí a bhfuil an t-uisce is lú i gceist leo agus...
  ii) tomhais an líon iomlán lítear a mheasann tú a bheith i gceist.
- Le haghaidh freagraí is féidir leat seiceáil thíos agus/nó téigh chuig waterfootprint.org chun tuilleadh faisnéise a fháil!

LEID!

D'FHÉADFÁ COMÓRTAS A DHÉANAMH DE AGUS POINTÍ A THABHAIRT MÁ FHAIGHEANN TÚ TÁIRGE SAN ORD CEART AGUS/NÓ DON DUINE A THOMHAISEANN IS CÓNGARAÍ DON INNEACHAR UISCE FÍORÚIL.

IS FÉIDIR LEAT TÁIRGÍ ÉAGSÚLA A CHUR LEIS AGUS CUARDAIGH AR LÍNE MAIDIR LENA N-INNEACHAR UISCE FÍORÚIL.

FREAGRAÍ (NÁ BÍ AG AMHARC!)...

- Cuirtear na freagraí * in ord lítear in aghaidh an kg de tháirge, agus soláthraítear roinnt samplaí de riar aonair chun cabhrú le scála a thuiscint. Féach thíos agus ar Ghrafaic Faisnéise Uisce Fíorúil na Scoileanna Glasa (cliceáil anseo):Caife (18,900L an kg/132L do chupa 125ml), seacláid (17,196L an kg/1,700L do bheár 3.5oz), mairteoil (15,415L an kg), cadás (10,000L an kg/8,000L do jíons/2,500 – 2,700L go neasach. 30 folcadán do t-léine), tae (8,860L an kg/27L do chupa 250ml, muiceoil (5,988L an kg), im (5,553L an kg/84L do 1tbsp), ubh (3,267L an kg/196L d'ubh mór), cáis (3,178L an mála kg), rís (2,500L an kg), siúcra (1,800L an mála kg), pasta (1,850L an mála kg), páipéar (meán 1,788L an kg/2-13L do bhileog A4 amháinbeoir (1,420L an kg/74L do ghloine 250ml), bainne (1,020L an kg/225L do ghloine 250ml), pizza (940L an kg san lodáil/do pizza margarita), úll (822L an kg/125L do cheann amháin), banana (790L an kg/160L do cheann amháin), práta (290L an kg/mála mór sceallóg reoite)

- Roinnt bealaí chun do lorg uisce indíreach a laghdú:
  - Ceannaigh bia/deochanna a bhfuil inneachar uisce fíorúil níos lú acu, nuair is féidir
  - Ná ceannaigh nach bhfuil ag teastáil uait
  - Ceannaigh ar athlámh
  - Priontáil ar an dá thaobh/bain úsáid as an dá thaobh de do leathanach
  - Ceannaigh éadaí atá déanta as ábhair orgánacha nó athchúrsáilte

  *Glacadh freagraí ó https://waterfootprint.org/en/

CONCLÚID...

An raibh tú gar le do bhuille faoi thuairim? Ar chuir aon fhreagraí iontas ort? Más rud é gur chuir, cén fáth? An féidir leat smaoineamh ar bhealaí chun do lorg uisce díreach agus indíreach a laghdú?